

## CLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ

Iarratas ó dhuine atá cláraithe cheana féin a thiocfaidh chun a bheith ina s(h)aoránach Éireannach a ainm/a hainm a chur san áireamh san Fhorlónadh a ghabhann le Clár na dToghtóirí

Léigh na nótaí go cúramach, le do thoil, sula gcomhlánóidh tú an fhoirm.

1.	Ainm mar atá ar chlár reatha na dtoghtóirí: <b>(bloclitreacha)</b>							
[Cuir isteach mionsonraí eile, le do thoil, amhail Mór, Beag, ainm eile nó túslitir, má tá duine eile ag a bhfuil an túsainm nó an sloinne céanna ina chónaí nó ina cónaí ag an seoladh céanna.]								
2.	Seoladh reatha: <b>(bloclitreacha)</b>							
EIRCODE:								
3.	Seoladh ar chlár na dtoghtóirí má tá sé éagsúil ó do sheoladh reatha:							
4.	<b>Dáta Breithe:</b>							
5.	<b>Clár Atheagraithe:</b> Más mian leat go <b>bhfágfaí amach</b> as an gClár atheagraithe thú, cuir tic(√) sa bhosca Amach:		Rogha Amach <input type="checkbox"/>					
Más mian leat a bheith <b>san áireamh</b> sa Chlár atheagraithe, cuir tic (√) sa bhosca Isteach: <b>(mura bhfuil tic i gceachtar den dá bhosca glacfar leis gurb ionann sin agus rogha Amach)</b>		Rogah Isteach <input type="checkbox"/>						
6.	<b>Dearbhú</b> Ní mór an chuid seo a shíniú os comhair comhalta den Gharda Síochána as Stáisiún Gardaí áitiúil an iarratasóra (cuid 7 (a)) nó, mura bhfuil sin indéanta, os comhair Oifigeach ón Údarás Clárúcháin (cuid 7(b)) nó mura bhfuil ceachtar rogha indéanta ba chóir cuid 7(c) a chomhlánú.  Creidim go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha agam fíor. Déanaim iarratas m'ainm a chur san áireamh san Fhorlónadh le Clár na dToghtóirí ar an mbonn go bhfuilim i mo shaoránach Éireannach.							
Síniú an Iarratasóra:								
Dáta:								
Uimhir theileafóin i rith an lae/Uimhir Fóin Póca:								
Ríomhphost:								
[Ceangail le do thoil fianaise de do shaoránacht Éireannach, cóip de do Dheimhniú Eadóirseachta mar shampla nó cóip den leathanach ábhartha i do phas Éireannach.								

7.(a)	<p><b>Deimhniú Céannachta</b>                  Ní mór do chomhalta den Gharda Síochána as Stáisiún Gardaí áitiúil an iarratasóra an chuid seo a chomhlánú.</p> <p>Deimhním gur deimhin liom céannacht an iarratasóra a bhfuil cuid 6 sínithe aige/aici os mo chomhair</p>	
	Síniú an Gharda:	Stampa an Stáisiúin
	Ainm an Gharda: <b>(bloclitreacha)</b>	
	Céim:	
	Uimhir Garda:	
	Teileafón	
	Dáta:	
7.(b)	<p>Níor chóir an chuid seo a chomhlánú <b>ach amháin</b> mura bhfuil tú ábalta 7(a) thuas a chomhlíonadh.</p> <p>An chúis nach bhféadfadh comhalta den Gharda Síochána as do Stáisiún Gardaí áitiúil an fhoirm a chomhlánú:-</p>	
	Síniú an Oifigigh ón Údarás Clárúcháin:	Stampa an Údaráis Clárúcháin
	Ainm an Oifigigh ón Údarás Clárúcháin: <b>(bloclitreacha)</b>	
	Grád:	
	Dáta:	

7.(c)	Níor cheart do lia-chleachtóir an chuid seo a chomhlánú <b>ach amháin</b> mura bhfuil tú ábalta 7(a) nó 7(b) thuas a chomhlíonadh de bharr tinneas fisiciúil nó míchumas fisiciúil a bheith ort.							
<b>Teastas Dochtúra</b>								
Cineál agus méid an tinnis nó an mhíchumais:								
An t-achar a mheastar a leanfaidh an tinneas nó míchumas:								
Síniú an Lia-Chleachtóra Chláraithe:								
Ainm an Lia-Chleachtóra Chláraithe: <b>(bloclitreacha)</b>								
Seoladh: <b>(bloclitreacha)</b>								
EIRCODE:		<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>
Dáta:								

## NOTAÍ A GHABHANN LE FOIRM RFA 5

**Iarratas ó dhuine atá cláraithe cheana féin agus a thiocfaidh chun a bheith ina s(h)aoránach Éireannach a ainm/a hainm a chur san áireamh san Fhorlíonadh a ghabhann le Clár na dToghthóirí**

1. Ba chóir do dhuine a thagann chun a bheith ina shaoránach Éireannach, **nach bhfuil ar chlár na dtoghthóirí cheana féin** agus ar mian leis/léi iarratas a dhéanamh a ainm/a hainm a chur san áireamh san fhorlíonadh a ghabhann le clár na dtoghthóirí foirm **RFA2** a chomhlíonadh.
2. Is é is cuspóir don fhoirm (RFA 5) seo an bealach a réiteach do vótálaithe a **bhfuil a n-ainm ar chlár na dtoghthóirí cheana féin** do thoghcháin áitiúla, Eorpacha agus Dála agus a tháinig chun a bheith ina saoránaigh Éireannacha agus ar mian leo a n-ainm a chur san áireamh san fhorlíonadh a ghabhann le clár na dtoghthóirí chun go mbeidh siad in ann vóta a chaitheamh i dtoghcháin Dála, uachtaráin agus reifrinn,

Cé nach bhfuil aon srianta ann i dtaobh cathain a fhéadfar an fhoirm a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an údarás clárúcháin, ní bhreithneofar le cur san áireamh ar an bhforlíonadh do thoghchán ach na foirmeacha sin a fhaightear roimh an 14ú lá roimh lá na vótála (gan Domhnach, Saoire Bainc agus Aoine an Chéasta san áireamh) i dtoghchán nó reifreann. Ní phróiseálfar iarratais a bheidh déanach go dtí tar éis lá na vótála.

3. Féadfaidh duine atá ar chlár na dtoghthóirí do thoghcháin áitiúla nó ar chlár na dtoghthóirí do thoghcháin Eorpacha, nó ar saoránach de chuid na Breataine é nó í atá ar chlár na dtoghthóirí do thoghcháin Dála agus a thagann chun a bheith ina shaoránach Éireannach iarratas a dhéanamh a ainm/a hainm a chur san fhorlíonadh mar shaoránach Éireannach fiú má thagann siad chun a bheith ina saoránach i ndiaidh dhátá cáilithe chlár na dtoghthóirí.

4. Ní mór do gach duine a dhéanann iarratas ar a ainm/hainm a chur san áireamh san fhorlíonadh foirm ar leithligh a chomhlánú agus a shíniú. Chun moill ar phróiseáil d'iarratais a sheachaint, cinntigh le do thoil go gcomhlánóidh tú an fhoirm ina hiomláine agus í a sheoladh ar ais sa phost chuig an gComhairle Cathrach, chuig an gComhairle Contae nó chuig an gComhairle Cathrach agus Contae a bhaineann le clár na dtoghthóirí **ar a bhfuil tú liostaithe faoi.**

5. **Fianaise ar Shaoránacht Éireannach**

Chun cuidiú leis an údarás clárúcháin d'iarratas a phróiseáil, ceangail le do thoil fianaise ar do shaoránacht Éireannach, cóip de do Dheimhniú Eadóirseachta mar shampla nó den leathanach ábhartha de do phas Éireannach.

6. **Eircode**

Is é atá in Eircode ná an córas náisiúnta postchód in Éirinn agus cuimsíonn sé postchód uathúil 7 ndigit atá sannta do gach seoladh dá bhfuil ann in Éirinn.

7. **Seoladh**

Má tá do sheoladh reatha éagsúil ón seoladh ag a bhfuil tú cláraithe le vóta a chaitheamh ba chóir duit do sheoladh reatha a thabhairt chomh maith le do sheoladh roimhe sin chun go mbeidh an t-údarás clárúcháin ábalta d'iarratas a léiriú go cruinniú ar chlár na dtoghthóirí - is é sin an iontráil reatha a scriosadh agus an fhaisnéis cheart a áireamh san fhorlíonadh.

## 8. Clár Atheagraithe - Dhá leagan den Chlár

Is gá d'údaráis chláraithe dhá leagan den Chlár a fhoilsiú - an Clár iomlán agus an Clár atheagraithe. Tá liosta na ndaoine ar fad atá i dteideal vótáil ar an **gClár iomlán** agus ní féidir é a úsáid ach amháin chun críche toghcháin nó chun críche reachtúla eile.

Tá ainmneacha agus seoltaí daoine ar féidir a gcuid sonraí a úsáid chun críche cuspóra eile seachas cuspóir toghcháin nó reachtúla eile sa **Chlár atheagraithe** m.sh. le haghaidh margaíocht dhíreach ag eagraíocht tráchtála nó ag eagraíocht eile.

Mura mian leat go gcuirfí do chuid sonraí san áireamh ar an gclár atheagraithe, ní mór duit tic (✓) a chur sa **bhosca Amach**. Más mian leat go gcuirfí do chuid sonraí san áireamh ar an gclár atheagraithe, ní mór duit tic (✓) a chur sa **bhosca Isteach**. Má fhágtar bán na boscaí seo, glacfar leis gurb ionann sin agus rogha Amach, i.e. ní bheidh an duine sin ar an gclár atheagraithe.

**9. Dearbhú/Deimhniú Céannachta**

- (a) Ní mór an dearbhú i gcuid 6 a shíniú os comhair comhalta den Gharda Síochána as do Stáisiún Gardaí áitiúil. Más deimhin leis an nGarda cé tú féin déanfaidh sé nó sí cuid 7 (a) den fhoirm a shíniú agus é a stampáil. Más gá, d'fhéadfadh doiciméad aitheantais le grianghraf a bheith de dhíth agus ba chóir duit a bheith ábalta doiciméad aitheantais den chineál sin chomh maith le doiciméid aitheantais tacaíochta a chur ar fáil le cuidiú leis an nGarda.
- (b) Mura féidir déanamh mar a leagtar amach ag (a) thuas, is féidir an fhoirm a fhianú ag oifigí an údaráis chlárúcháin agus sa chás sin ní mór cuid 7(b) den fhoirm a chomhlánú. Ní mór an chúis nach bhféadfadh comhalta den Gharda Síochána ó do Stáisiún Gardaí áitiúil an fhoirm a chomhlánú a thabhairt i scríbhinn. Ba chóir doiciméad aitheantais le grianghraif agus doiciméid tacaíochta aitheantais eile a thabhairt leat chuig an údarás clárúcháin.
- (c) Mura féidir déanamh de réir (a) nó (b) thuas de bharr tinneas coirp nó míchumas coirp a bheith ort ní mór do lia-chleachtóir cuid 7 (c) den fhoirm a chomhlánú.

**10.** Cuirfear ar an eolas tú a luaithe agus is féidir faoin gcinneadh a rinneadh maidir le d'iarratas. Sa chás is go ndiúltaítear d'iarratas, tá sé de cheart agat achomharc a dhéanamh in aghaidh chinneadh an chláraitheora contae. Foilseofar an forlónadh sa tréimhse díreach roimh lá na vótaíochta i dtoghchán nó reifreann.

**11.** Tá mionsonraí teagmhála á lorg ar eagla gur gá don údarás clárúcháin teagmháil a dhéanamh leat chun aon mhionsonraí atá san iarratas a shoiléiriú.

**12.** Is cion é mainneachtain aon fhaisnéis a theastaíonn ón údarás clárúcháin nó ón gcláraitheoir contae chun críche a ndualgas a thabhairt don údarás nó don chláraitheoir sin nó faisnéis bhréagach a thabhairt go feasach.